# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 23

## An Coimisiún Toghcháin

# An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais an Choimisiúin Toghcháin.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €1.581 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# An ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gciorclán 20 de 2024 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú. Áirítear orthu sin cur i bhfeidhm Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) áirithe a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas na sócmhainní caipitil***

Ríomhtar agus muirearaítear dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Tá saolréanna ionchais agus na rátaí lena mbaineann le haghaidh príomhaicmí sócmhainní caipitil mar seo a leanas.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2–10 mbliana | 50%–10% |
| Bogearraí forbartha | 10 mbliana | 10% |

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún Toghcháin.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Phríomhfheidhmeannach. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a thugtar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Bhí timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Cuireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó de réir mar a forbraíodh iad, tá na próisis taifeadta atá fágtha fós á bhforbairt.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Bhí creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta á athbhreithniú.
- Rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Bhí córas bainistíochta rioscaí taobh istigh den Choimisiún.
- Bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Bhí treoirlínte cuí ann faoi rialú infheistíochta chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail.

***Iniúchóireacht Inmheánach***

Bunaíodh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ar an 25 Aibreán 2024 agus dréachtaíodh an plean iniúchóireachta le haghaidh 2024–2026, a ndearna mise agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gCoimisiún Toghcháin. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an gCoimisiún agus ar an bPríomhfheidhmeannach/Oifigeach Cuntasaíochta, comhairle a chur orthu agus tacú leo trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe ar raon ábhar, ina measc sláine na rialuithe airgeadais inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Déanann sé clár oibre bliantúil na hiniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí suim €7.57 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí eile ar conradh in 2024.

Chuir an Coimisiún sonraí faoi chonradh neamhiomaíocha amháin os cionn €25,000 ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte seachas conradh amháin sa bhreis ar €25,000 (gan CBL), dar luach €74,811 (gan CBL) san iomlán. Aontaíodh an conradh chun seirbhísí dlíthiúla práinneacha a chur ar fáil a bhain le hobair ar dhá reifreann. Cuireadh conradh i bhfeidhm ó mhí Iúil 2024 do sheirbhísí dá leithéid.

Áiríodh an conradh thuasluaite i dtuairisceán bliantúil 40/2002 thuasluaite.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a d’fhéadfadh a bheith le sárú ag an oifig seo agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil, suas go dtí aon cheisteanna a thagann chun cinn a ghéarú go cuí, agus sin san áireamh. Sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2024 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Art O’Leary**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin
### Tuairim maidir leis an gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 ón Coimisiún Toghcháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse, maidir leis an gcuntas leithreasa

- cuirtear fáltais agus caiteachas Vóta 23 ón Coimisiún Toghcháin i láthair i gceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024, agus
- ullmhaíodh é san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***Bonn na tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Coimisiún Toghcháin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ábhair eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta i láthair ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, i dteannta an chuntais leithreasa. Maidir le mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, déantar cur síos orthu san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2025

## Aguisín le Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin,

**Aguisín le Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin

## Cuntas Leithreasa 2024

| | 2024 Soláthar sna meastacháin | 2024 Toradh | 2023 Toradh |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Feidhmeanna an Choimisiúin Toghcháin a bhainistiú | 11,799 | 10,246 | 3,059 |
| **Ollchaiteachas** | **11,799** | **10,246** | **3,059** |
| *Asbhaint* | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | **80** | **108** | **56** |
| **Glanchaiteachas** | **11,719** | **10,138** | **3,003** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,581,308** | **2,677,331** |

**Art O'Leary**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

11 Márta 2025

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 138 | 43 |
| Pá | | 2,466 | 1,326 |
| Neamhphá | | 7,642 | 1,690 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,246** | **3,059** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **(108)** | **(56)** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,138** | **3,003** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin , fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Dímheas | 1 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (78) | | |
| Amúchadh | 3 | | |
| | | (74) | (11) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (69) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 152 | | |
| | | 83 | 37 |
| **Caiteachas díreach** | | **10,147** | **3,029** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 49 | 149 |
| **Glanchostas an chláir** | | **10,196** | **3,178** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 23 a íocadh as cistí eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 116 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 49 | 33 |
| | | **49** | **149** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 10 | 11 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 75 | — |
| | | **85** | **11** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 75 | 62 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 78 | 9 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1 | 13 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 48 | (9) |
| | | **202** | **75** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 198 | 46 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 124 | 66 |
| | | **322** | **112** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(120)** | **(37)** |
| **Glandliteanais** | | **(35)** | **(26)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **(35)** | **(26)** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

| | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 12 | 12 |
| Breiseanna | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 12 | 12 |
| | | |
| **Dímheas carnach** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1 | 1 |
| Dímheas don bhliain | 1 | 1 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 2 | 2 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **10** | **10** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 11 | 11 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | — | — |
| Breiseanna | 78 | 78 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 78 | 78 |
| | | |
| **Dímheas carnach** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | — | — |
| Amúchadh don bhliain | 3 | 3 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 3 | 3 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **75** | **75** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | — | — |

## 2.3 Banc agus airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 75 | 62 |
| | **75** | **62** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Tacaíocht bogearraí | 72 | 1 |
| Riarachán | 6 | 8 |
| | **78** | **9** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna dochair eile | 1 | 13 |
| | **1** | **13** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Speansais riaracháin | — | 14 |
| TFC agus teileachumarsáid | 1 | 18 |
| Dlite in aghaidh seirbhísí | 30 | 14 |
| Fabhrú párolla (nóta 2.11) | 167 | — |
| | **198** | **46** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 45 | 32 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 25 | 17 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 12 | 4 |
| Cáin Bhreisluacha | 15 | — |
| Muirear sóisialta uilíoch | 9 | 7 |
| | 106 | 60 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil i bhfionraí | 18 | 6 |
| | **124** | **66** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 1,581 | 2,678 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (1,629) | (2,669) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(48)** | **9** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 75 | 62 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1 | 13 |
| | 76 | 75 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (106) | (60) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (18) | (6) |
| | (124) | (66) |
| | **(48)** | **9** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | (26) | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 11,719 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | 1,581 | | |
| Glanvóta | | | 10,138 | 3,003 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 49 | 149 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (10,196) | (3,178) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **(35)** | **(26)** |

## 2.10 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **509** | **1,934** |

## 2.11 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasaíochta in 2024

Rinneadh cur i bhfeidhm ar naoi gCaighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Fabhrú Saoire [a] | (68) |
| Fabhrú párolla [a] | (99) |
| | **(167)** |

**Nóta** [a] CGAS 39A Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Gach leithdháileadh le haghaidh Vóta 23, aicmítear é mar chaiteachas riaracháin a chuirtear chun feidhme cláir amháin.

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 2,775 | 2,466 | 1,326 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 190 | 72 | 25 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 250 | 47 | 140 |
| iv | Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 125 | 156 | 7 |
| v | Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail | 2,460 | 3,768 | 253 |
| vi | Speansais áitribh | 630 | 113 | 239 |
| vi | Speansais infheistíochta caipitiúla digití agus TF | 675 | 281 | 80 |
| vii | Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | 1,000 | 343 | 44 |
| viii | Feidhm reifreann | 3,500 | 2,862 | 902 |
| | | **11,605** | **10,108** | **3,016** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo ar na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000) ar chaiteachas riaracháin.

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar sna meastacháin €190,000; toradh €72,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €118,000 toisc nár leanadh ar aghaidh le freastal beartaithe na foirne ar chomhdhálacha agus cruinnithe mullaigh mar gheall ar an líon mór imeachtaí toghcháin a tharla in 2024.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar sna meastacháin €250,000; toradh €47,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €203,000 mar gheall ar an líon mór d’imeachtaí toghcháin neamhsceidealaithe a tharla in 2024 a d’imir tionchar ar infhaighteacht na foirne le freastal ar chúrsaí oiliúna.

**v Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail**

*Soláthar sna meastacháin €2.460 milliún; toradh €3.768 milliún*

Tharla an róchaiteachas €1.308 milliún mar nuair a ullmhaíodh an meastachán in 2023, bhíothas ar an eolas faoi imeacht toghcháin amháin i mí an Mheithimh 2024. Dá bhrí sin, roinneadh an buiséad go cothrom idir na trí chatagóir: taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail. I rith 2024, b'éigean caiteachas breise a chaitheamh ar fheachtais eolais do thrí imeacht toghcháin.

**vi Speansais áitribh**

*Soláthar sna meastacháin €630,000; toradh €113,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €517,000 de bharr moill ar an dara háitreabh a chur ar fáil, agus mar nár íocadh aon bhillí fóntais le haghaidh Bhloc M i gCaisleán Bhaile Átha Cliath go dtí seo ach an oiread. Taifeadtar na fóntais don fhoirgneamh le méadair lárnacha ar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad agus éilítear cion de na costais a leithdháileadh ar an gCoimisiún agus tá siad dlite le híoc in 2025.

**vi Speansais infheistíochta caipitiúla digití agus TF**

*Soláthar sna meastacháin €675,000; toradh €281,000*

Tharla na tearc-chaitheamh €394,000 de bharr gur tugadh faoi bhonneagar TF do leagan amach an fhoirgnimh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath in 2023 den chuid is mó; bhain an caiteachas a tabhaíodh sa réimse seo le trealamh TF d'fhoireann nua agus trealamh TF athsholáthair agus forbairt suímh gréasáin le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin in 2024. Tugadh faoi Straitéis TFC in 2024, agus meastar go méadóidh úsáid an bhuiséid seo in 2025 mar gheall ar chur i bhfeidhm córas gnó agus líonrú agus leagan amach an dara háitreabh.

**vii Athbhreithnithe ar bheartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar sna meastacháin €1.000 milliún; toradh €343,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €657,000 sa mheastachán le haghaidh costais dlí i dtaobh timpeallacht rialála. Níor cuireadh tús leis na codanna sin den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 agus níor tháinig na costais dlí sin chun cinn.

## Clár A Feidhmeanna an Choimisiúin Toghcháin a bhainistiú

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 2,775 | 2,466 | 1,326 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 8,830 | 7,642 | 1,690 |
| A.3 | An Coimisiún Toghcháin | 194 | 138 | 43 |
| | | **11,799** | **10,246** | **3,059** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 80 | 108 | 56 |
| | | **80** | **108** | **56** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **30** | **20** |

### 5.2 Pá

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 2,244 | 1,225 |
| Liúntais eile | 18 | 1 |
| Ragobair | 4 | 1 |
| ÁSPC fostóra | 200 | 99 |
| **Pá iomlán** | **2,466** | **1,326** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Liúntais eile | 3 | 1 | 12,650 | 887 |
| Ragobair | 6 | — | 2,011 | 812 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe an Choimisiúin Toghcháin

Tugtar anseo thíos líon fhostaithe an Choimisiúin a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999, agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 17 | 11 |
| 60,000 | 69,999 | 4 | 1 |
| 70,000 | 79,999 | 1 | 2 |
| 80,000 | 89,999 | 1 | — |
| 90,000 | 99,999 | 3 | 1 |
| 100,000 | 109,999 | 3 | — |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 1 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | — |
| 160,000 | 169,999 | — | — |
| 170,000 | 179,999 | — | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,000 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Buntuarastal | **225** | **215** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995, agus ní dheachaigh a theidlíochtaí le haghaidh sochair scoir níos faide ná téarmaí caighdeánacha na scéime sin.